V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10620 — GIP / SSE / OTPP / SCOTIA GAS NETWORKS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 74/05)

1. An 7 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Comhpháirtithe um Bonneagar Domhanda ("GIP") (SAM),

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ("OTPP", Ceanada);

— SSE plc ("SE") (An Ríocht Aontaithe),

— Scotia Gas Networks Ltd ("SGN") (An Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh GIP, OTPP agus SSE rialú comhpháirteach ar SGN de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— GIP: bainisteoir ciste bonneagar ceannródaíoch dírithe ar na hearnálacha iompair, fuinnimh, dramhaíola agus eile,

— OTPP: riarachán sochar pinsin agus infheistíocht sócmhainní an phlean pinsin,

— SSE: cuideachta fuinnimh ilnáisiúnta. Tá trí dheighleog i bpríomhghnónna SSE: i) Tarchur SSEN, ar leis an líonra tarchurtha leictreachais i dtuaisceart na hAlban, a oibríonn agus a chothaíonn é; ii) Dáileachán SSEN, ar leis an líonra tarchurtha leictreachais i dtuaisceart na hAlban agus i lár dheisceart Shasana, a oibríonn agus a chothaíonn é; agus iii) Fuinneamh In-Athnuaite SSE, a dhéanann forbairt, tógáil, oibriú agus úinéireacht sócmhainní a ghineann leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite,

— SGN: an dara líonra dáileacháin gáis is mó sa Ríocht Aontaithe. Is le SGN Scotland Gas Networks plc agus Southern Gas Networks plc. Clúdaíonn an dá líonra sin iomlán na hAlban agus oirdheisceart Shasana.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.10620 — GIP / SSE / OTPP / SCOTIA GAS NETWORKS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.